



An Bhruiséil, 20 Meitheamh 2022
(OR. en)

10179/22

COTER 153
COPS 285
RELEX 836
CT 121

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	na toscaireachtaí
Uimh. an doic. roimhe seo:	9512/22 + COR 1 + COR 2
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar ghné sheachtrach bhagairtí na sceimhlitheoireachta agus an fhoréigin antoiscigh, bagairtí atá ag síorathrú

Gheobhaidh na toscaireachtaí, san Iarscríbhinn, na Conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar ghné sheachtrach bhagairtí na sceimhlitheoireachta agus an fhoréigin antoiscigh, bagairtí atá ag síorathrú, mar a d'fhormheas an Chomhairle iad ag an gcrúinniú a bhí aici ar an 20 Meitheamh 2022.

**Conclúidí ón gComhairle maidir le haghaidh a thabhairt ar ghné sheachtrach bhagairtí
síorathraitheacha na sceimhlitheoireachta agus an fhoréigin antoiscigh**

Réamhrá

1. I gcomhréir leis an gCompás Straitéiseach don tSlándáil agus don Chosaint a d'fhormhuinigh an Chomhairle Eorpach an 25 Márta, aithníonn an Chomhairle go bhfuil an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach, de gach cineál agus gan beann ar a mbunús, ina mórdhúshlán i gcónaí i dtimpeallacht straitéiseach atá cheana féin faoi thionchar láidir athruithe iomadúla geopholaitiúla agus na héagobhsaíocht méadaithí. Dá réir sin, athdhearbhaíonn sí go bhfuil rún daingean aici saoránaigh an Aontais a chosaint ar na bagairtí sin agus go mbeadh an tAontas in ann a bheith ina sholáthraí níos láidre agus níos cumasaí slándála, agus a bhunluachanna agus a bhunphrionsabail á n-athdhearbhú aici i gcónaí i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta, go háirithe an dlí idirnáisiúnta um chearta an duine agus an dlí daonnúil. Chuige sin, aithníonn an Chomhairle an gá atá le rannpháirtíocht iltaobhach níos fearr agus comhar níos láidre le comhpháirtithe idirnáisiúnta straitéiseacha i gcásanna ina bhfónann sé sin do leasanna an Aontais.
2. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle gur cháin sí, ar an mbealach is láidre ab fhéidir, an fogha míleata neamhdhleathach a thug Cónaidhm na Rúise faoin Úcráin, fogha atá ina mhórshárú ar an dlí idirnáisiúnta, agus ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe, agus a chreimeann bonn na slándála agus na cobhsaíocht, idir Eorpach agus domhanda. Cuireann sí in iúl gur cúis mhór inní di na himpleachtaí fadtéarmacha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhfogha sin ar an mbagairt sceimhlitheoireachta idir laistigh den Aontas agus ar fud an domhain.

3. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur ábhartha i gcónaí an measúnú agus na gealltanais a d'eascair óna Conclúidí maidir le Gníomhaíocht Sheachtrach an Aontais i ndáil leis an Sceimhlitheoireacht agus an Antoisceachas Foréigneach a Chosc agus a Chomhrac, arna n-eisiúint an 15 Meitheamh, 2020. In éineacht leis na Conclúidí roimhe seo ón 9 Feabhra 2015 agus ón 19 Meitheamh 2017, agus i gcomhréir le Straitéis Frithsceimhlitheoireachta an Aontais (2005), leis an gClár Oibre Eorpach maidir leis an tSlándáil agus le Straitéis Dhomhanda an Aontais (2016) agus le Straitéis an Aontais Slándála an 24 Iúil 2020, agus leis an gClár Oibre maidir leis an bhFrithsceimhlitheoireacht don Aontas an 9 Nollaig 2020, is creat polaitiúil fóna comhsheasmhach iad na conclúidí sin le haghaidh rannpháirtíocht uailmhianach Eorpach ar an leibhéal domhanda.
4. Dá bhrí sin, leis na Conclúidí nua a ghlac an Chomhairle inniu, féachtar le háirithiú go ndéanfar an treoir pholaitiúil lena gcuirtear ár ngníomhaíocht chomhchoiteann chun cinn a choinneáil in oiriúint do fhíorstádas nochtadh slándála an Aontais. Chun na críche sin, tá siad dírithe ar na hathruithe suntasacha a tharla le déanaí i gcineál na bagartha féin, agus ar sa chomhthéacs domhanda ina bhfeidhmíonn an tAontas agus é ag obair chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac.

Bagairt idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta atá ag síorathrú

5. Cuireann an Chomhairle i dtreis gurb iad Da'esh, al-Qaeda agus a gcleamhnaithe príomhbhagairt sceimhlitheoireachta an domhain go fóill. D'ainneoin gur chaill Da'esh an smacht críochach a bhí aige ar chodanna den Iaráic agus den tSiria, agus d'ainneoin na mbuillí suntasacha leanúnacha i gcoinne a cheannaireachta, tá Da'esh tar éis filleadh, d'aon ghnó, ar cheannairc faoi cheilt, agus é d'aidhm aige an dá thír sin a dhíchobhsú a thuilleadh, a throdaithe atá á gcoinneáil a shaoradh, a thionchar agus a ghreim ar an lucht tacaíochta áitiúla a choinneáil, a fhoinsí maoiniúcháin a chaomhnú, agus faoi dheireadh, cumas fortheilgthe bagairtí a athbhunú. I bhfianaise an mhéid sin, iarrann an Chomhairle ar an Aontas agus a Bhallstáit díriú ar a gcur chuige cuimsitheach a neartú, leanúint dá dtiomantas daingean chun an sceimhlitheoireacht a chomhrac san Iaráic agus sa tSiria, in éineacht leis an gComhghuaillíocht Dhomhanda i gcoinne Da'esh agus le príomh-chomhpháirtithe eile, agus aghaidh dhiongbháilte a thabhairt ar an mbagairt atá ag eascairt as leathnú líonraí domhanda an dá eagraíocht sceimhlitheoireachta sin. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin gur gá réiteach polaitiúil a aimsiú ar an gcoinbhleacht sa tSiria, i gcomhréir le Rún 2254 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe.

6. Tugann an Chomhairle dá haire gur cúis ar leith inní di leathnú na bagartha sceimhlitheoireachta agus na bagartha foréigní antoiscí i roinnt réigiún san Afraic, lena n-áirítear i réigiún na Saiheile mar a bhfuil baol iarmharta ann freisin don Afraic Thiar agus do Mhurascaill na Guine. Sa chomhthéacs sin, athdhearbhaíonn sí go dtacaíonn sí leis na tionscnaimh sin faoi stiúir na hAfraice lena gcuirtear an cosc agus cosaint an daonra shibhialta i gcoílár a n-iarrachtaí frithsceimhlitheoireachta, mar a dúradh le linn an 6ú Cruinniú Mullaigh idir an tAontas agus an tAontas Afracach sa Bhruiséil ón 17 go dtí an 18 Feabhra 2022. Tá éirithe le Da'esh agus al-Qaeda araon leas a bhaint as folúis slándála, eacnamaíocha, shóisialta agus rialachais chun leathnú críochach a gcleamhnaithe áitiúla a chothú. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór inní di an t-athrú atá á imirt ar phrionsabail an daonlathais agus ar an smacht reachta i líon méadaitheach tíortha, agus an méadú ar mhíleatú agus ar leathadh na ngníomhaithe foréigneacha i réigiúin leochaileacha. I ndáil leis sin, cuireann sí in iúl go gcreideann sí go láidir gur chun leas Da'esh, al-Qaeda agus a ngrúpaí agus a n-eagraíochtaí cleamhnaithe san fhadtéarma é cuideachtaí míleata, iad príobháideach mar dheia, a bheith á n-imscaradh, amhail grúpa Wagner le tacaíocht na Rúise, iad i mbun creachadh na n-acmhainní nádúrtha áitiúla, cearta an duine á mórshárú agus an teannas eitneach á ghéarú acu.

7. Is cúis mhór inní mhór don Aontas Eorpach é ó thaobh chomhrac na sceimhlitheoireachta de, an Talaban a bheith tagtha chun í gabháil cumhachta an Talaban san Afganastáin sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta, rud a bhféadfadh d'fhéadfadh éifeacht iarmharta réigiúnach a bheith aige, é sin agus teacht chun cinn Da'esh Chúige Khorasan arís, arb é an bhagairt sceimhlitheoireachta is práinní sa tír anois. Athdhearbhaíonn an Chomhairle freisin gur cúis mhór inní di nasc an Talaban le croíghrúpa al-Qaeda agus lena chraobh réigiúnach (al-Qaeda i bhFo-Ilchríoch na hIndia-AQIS), agus measann sí gur dócha go mbainfidh na grúpaí sin tairbhe fhadtéarmach as an staid reatha chun maoiniú a ghnóthú agus a dhaingniú, lena n-áirítear trí pháirt a ghlacadh i gcineálacha éagsúla gáinneála aindleathaí, agus chun earcaigh nua a mhealladh lena mbeadh acmhainneacht athnuaite acu ó thaobh bheith ina mbagairt dhíreach ar leasanna na hEorpa. Meabhraíonn sí an t-éileamh aonchiallach a rinneadh go scoirfeadh an Talaban de gach nasc díreach agus indíreach a bhí aige leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta, agus leanfaidh sí de dhlúth-fhaireachán a dhéanamh ar an staid, i gcomhréir lena Conclúidí arna nglacadh an 15 Meán Fómhair 2021, agus i gcomhréir le Rún 2593 ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe. Agus na bearta a mholtar i bPlean Gníomhaíochta Frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh don Afganastáin á dtabhairt dá haire, tá an Chomhairle réidh chun leas a bhaint as na huirlisí ábhartha uile atá ar fáil di chun a áirithiú nach mbeidh an Afganastáin ina tearmann sábháilte arís d'eagraíochtaí sceimhlitheoireachta.
8. Cuireann an Chomhairle i dtábhacht gur gá aghaidh a thabhairt ar dhúshlán ríthábhachtach an chumais reatha atá ag Da'esh agus al-Qaeda lucht tacaíochta níos líonmhara ná riamh a mhealladh ar fud an domhain. D'ainneoin na mbuillí míleata a tugadh don dá eagraíocht le déanaí, is baol mór slándála fós é an iliomad trodaithe sceimhlitheoireachta, trodaithe áitiúla den chuid is mó ach cuid mhaith trodaithe eachtracha freisin, a bheith i láthair i gcónaí, in go leor réigiún, go háirithe san Iaráic agus sa tSiria. Agus í ag tabhairt dá haire nach mbeidh aon bhua marthanach ann i gcoinne na ngrúpaí sin mura dtugtar aghaidh ar an tsaincheist sin thuas ar bhealach leordhóthanach, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Aontas agus do na Ballstáit tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a gcur chuige cuimsitheach agus é d'aidhm aige cosc a chur le hearcú trodaithe sceimhlitheoireachta ó dhaonraí leochaileacha, lena n-áirítear daoine óga, trí aghaidh a thabhairt ar riachtanais dhaonnúla, shóisialta agus forbartha. Cuireann sí i dtreis freisin nach mór athlonnú neamhbhraite na dtrodaithe sceimhlitheoireachta agus a dteaghlach a chosc, an chuntasacht a chur chun cinn, straitéisí saincheaptha don díradacú, don athshlánú agus don athimeascadh a shainiú, lena n-áirítear go ndéanfaí faireachán iomchuí iar-choinneála orthu siúd a ciontaíodh sa sceimhlitheoireacht i gcás inar gá, mar aon le tacaíocht mhéadaithe a thabhairt do na tíortha sin is mó a mbíonn tionchar ag 'feiniméan na bhfillithe' orthu.

9. Aithníonn an Chomhairle bagairt mhéadaitheach antoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht na heite deise, ar dúshlán tromchúiseach domhanda é don Aontas agus dá Bhallstáit. Tá níos mó ná cumarsáid ar an Idirlíon i gceist leis na naisc thrasnáisiúnta idir grúpaí agus aonaráin antoisceacha foréigneacha na heite deise, agus tá comhordú, maoiniú, earcaíocht agus oirbhearta oibríochtúla comhroinnte i gceist leo anois. Ina theannta sin, tugann an Chomhairle dá haire líon méadaitheach na ngníomhaíochtaí foréigneacha a luaitear le hantoisceachas foréigneach agus sceimhlitheoireacht na heite clé, ar gá grinnscrúdú leanúnach a dhéanamh orthu freisin. Dá bhrí sin, iarrann sí go gcothófaí comhthuiscint ar an mbagairt agus go neartófaí an rannpháirtíocht idirnáisiúnta i gcomhrac an antoisceachais fhoréignigh agus na sceimhlitheoireachta ar spreagadh polaitiúil atá leo, lena n-áirítear i réimsí na frith-insinte, an mhalartaithe faisnéise, an fhothú acmhainní, agus scaipeadh na ndea-chleachtas, *inter alia* trí smaointeoireacht chriticiúil, litearthacht dhigiteach, agus sábháilteacht phoiblí ar líne a chothú agus trí idirphlé idirchultúrtha agus caoinfhulaingt a chur chun cinn trí oideachas ar gach leibhéal.
10. Cuireann an Chomhairle in iúl freisin gur cúis inní di bagairt mhéadaitheach na sceimhlitheoireacht intíre agus na n-ionsaithe a dhéanann gníomhaithe aonair. Tugann sé dá aire go bhfuil eagraíochtaí domhanda sceimhlitheoireachta tar éis straitéis a úsáid d'aontoil lena ndírítear ar dhaoine aonair a spreagadh, nach raibh naisc acu roimhe sin leis an sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta i bhformhór na gcásanna, agus a bhaineann úsáid as *modi operandi* bunúsacha den chuid is mó, rud a fhágann gur deacra a gcuid gníomhaíochtaí a chosc. Cuireadh leis an straitéis sin le linn phaindéim COVID-19 nuair a méadaíodh leithlisiú daoine leochaileacha agus nuair a treisíodh a nochtadh d'fheiniméan an radacaithe thapa, go háirithe ar líne. Dá bhrí sin, cuireann an Chomhairle in iúl go láidir gur gá leanúint de na hiarrachtaí chun anailís a chomhroinnt, chun radacú a bhrath agus a chosc, idir ar líne agus as líne.

11. Tugann an Chomhairle dá haire agus is ábhar inní di go bhfuil idé-eolaíochtaí antoisceacha foréigneacha á scaipeadh, idé-eolaíochtaí lena bhféadfar timpeallacht chuí a chruthú don sceimhlitheoireacht. Cuireann sí i bhfios go láidir gur gá cosc a chur ar scaipeadh agus ar mhaoiniú gach cineál bolscaireachta na n-antoisceach foréigneach, lena n-áirítear idé-eolaíocht na n-antoisceach foréigneach Ioslamach, atá ar neamhréir leis na cearta agus na saoirsí bunúsacha atá ag croílár luachanna agus prionsabail an Aontais. Chuige sin, iarrann an Chomhairle go dtabharfaí aghaidh go háirithe ar dhúshlán an chistithe neamhthrédhearcaigh arna dhéanamh ag gníomhaithe eachtracha, gníomhaithe ar minic tionchar neamh-inmhianaithe á imirt acu ar eagraíochtaí sibhialta agus reiligiúnacha laistigh den Aontas agus ar scála domhanda. Iarrann sí freisin go sainaithneofaí bealaí éifeachtacha chun aghaidh a thabhairt ar an mbagairt ó eagraíochtaí, aonaráin agus eintitis arb é aidhm dhíreach a ngníomhaíochtaí daoine a radacú, a meon a mhúnlú agus iad a spreagadh chun gníomhartha foréigneacha agus sceimhlitheoireachta.

Mí-úsáid teicneolaíochtaí nua chun críche sceimhlitheoireachta

12. Admhaíonn an Chomhairle, ar an gcéad dul síos, gur deis ollmhór do gheilleagar agus do shochaí an Aontais iad na teicneolaíochtaí nua agus go bhféadfaidís a bheith ina gcabhair freisin d'iarrachtaí an Aontais chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chomhrac agus a chosc. Ag an am céanna, cuireann sí i bhfios go láidir gur gá ábhair inní dhlisteanacha slándála a chur san áireamh, mar shampla go bhféadfadh gníomhaithe sceimhlitheoireachta mí-úsáid a bhaint as roinnt de na huirlisí sin, mar shampla an phriontáil 3T, aerchórais gan fhoireann (UAS), srl. Chuige sin, molann an Chomhairle don Aontas leanúint den chur chuige cuimsitheach il-gheallsealbhóirí lena gcuimsítear rannpháirtíocht láidir le tíortha comhpháirtíochta, fóraim iltaobhacha, an earnáil phríobháideach, an saol acadúil agus rannpháirtíocht fhóinteach na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí chearta na mban agus eagraíochtaí faoi stiúir na mban agus na hóige.

13. Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go gcaomhnófaí an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus cearta bunúsacha eile, a bhfuil ról lárnach acu i sochaithe daonlathacha. Aithníonn sí gur gá gur ar líne a dhéanfaí cuid shuntasach den chomhrac i gcoinne an radacaithe as a dtagann an sceimhlitheoireacht, anois agus eagraíochtaí idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta ag brath cuid mhór ar uirlisí digiteacha lena mbolscaireacht a scaipeadh, baill a earcú agus a rian ar an idirlíon a mhéadú. Cé go bhfuil an tAontas Eorpach ar thús cadhnaíochta sa chomhrac sin a bhuíochas le glacadh an Rialacháin maidir le haghaidh a thabhairt ar scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta ar líne agus le glacadh an Ghnímh um Sheirbhísí Digiteacha, tá leochaileachtaí ag teacht chun cinn i gcónaí leis an bhforbairt theicniúil agus rún daingean ag grúpaí sceimhlitheoireachta leas a bhaint astu lena láithreach ar líne a dhaingniú. Áirítear leis sin cibirghníomhaíochtaí mailíseacha trí mhí-úsáid a bhaint as ardáin bheaga, iad bunaithe go minic ar theicneolaíocht bhlocshlabhra agus ar an ngréasán díláraithe, rud a fhágann gur deacra fós ábhar neamhdhleathach a bhrath agus, nuair is iomchuí, a chosc. Sa chomhthéacs sin, iarrann an Chomhairle ar thionscal na teicneolaíochta agus go háirithe ar ardáin ar líne, gan beann ar a méid, níos mó freagrachta a ghlacadh as scaipeadh ábhair sceimhlitheoireachta agus antoiscigh fhoréignigh ar líne a chosc agus a chomhrac, lena n-áirítear trína aimpliú algartamach.

14. Athdhearbhaíonn an Chomhairle a ríthábhachtaí atá sé deireadh a chur le foinsí cistithe na sceimhlitheoireachta, lena n-áirítear an gháinneáil aindleathach, mar shampla ar mhaoín chultúrtha, i gcomhréir le caighdeáin an Aontais agus caighdeáin an Tascfhórsa um Ghníomhaíocht Airgeadais. Tugann sí dá haire freisin agus is ábhar inní di an riosca a bhaineann le méadú ar an úsáid a bhaineann sceimhlitheoirí as foirmeacha nua íocaíochta anaithnide ina n-úsáidtear ríomh-airgead, cripteashócmhainní agus teicneolaíochtaí blocshlabhra, airgead soghluaiste, agus cártaí réamhíochta. Dá bhrí sin, iarrann sí ar an Aontas agus a Bhallstáit tacú lena dtíortha comhpháirtíochta ar mhaithe le comhlíonadh cheanglais an Aontais agus an Tascfhórsa a mhéadú agus feabhas a chur ar a n-iarrachtaí aghaidh a thabhairt ar anaithnideacht idirbheart, trí tharchuradóirí airgid neamhdhleathaigh a rianú, a bhrath, smachtbhannaí a chur orthu agus iad a dhíchóimeáil ar bhealach éifeachtach. Chuige sin, iarrann sí ar thionscal na teicneolaíochta airgeadais comhar níos gníomhaí a dhéanamh le haonaid um fhaisnéis airgeadais, le seirbhísí forfheidhmithe dlí agus le seirbhísí imscrúdaithe breithiúnacha. Aithníonn an Chomhairle an ról ríthábhachtach atá ag eagraíochtaí neamhbhrabúsacha agus cuireann sí i bhfios go láidir gur gá iad a áireamh mar chomhpháirtithe lárnacha sa chomhrac i gcoinne an antoisceachais fhoréignigh. Athdhearbhaíonn sí freisin a thábhachtaí atá sé gan cur isteach ar ghníomhaíochtaí na sochaí sibhialta ná iad a dhíspreagadh, agus a áirithiú nach mbainfear mí-úsáid as bearta chun cur i gcoinne mhaoiniú na sceimhlitheoireachta chun díriú ar ghníomhaithe daonnúla dlisteanacha nó ar chosantóirí chearta an duine nó chun iad a choiriúlú. Idir an dá linn, iarrann an Chomhairle ar na Ballstáit comhoibriú gan teip le heagraíochtaí neamhbhrabúsacha trí chur chuige rioscabhunaithe agus trí bhearta comhréireacha spriocdhírithe a dhéanamh chun aon mhí-úsáid a dhéanfadh sceimhlitheoirí nó a dhéanfaí ar a son a chosc.

Is gá don Aontas a bhunluachanna agus a bhunphrionsabail a athdhearbhú

15. Is oth leis an gComhairle go bhfuil an polaitiú ag dul i méid sa chomhrac i gcoinne na sceimhlitheoireachta. Ar thaobh amháin, is minice anois eagraíochtaí sceimhlitheoireachta ag iarraidh leas a bhaint as lagchórais rialachais, go háirithe sna tíortha is leochailí, chun an lámh in uachtar a fháil, tacaíocht a mhealladh ó na pobail áitiúla, agus iad féin a chur i láthair mar roghanna malartacha ar rialtais, roghanna ar dlisteanáí agus ar éifeachtúla iad, cheapfá. Ar aon dul leis sin, tá roinnt den bhonn á baint i gcónaí de chumas an chomhphobail idirnáisiúnta gníomhú d'aon ghuth i gcoinne na sceimhlitheoireachta mar gheall ar iarrachtaí follasacha á ndéanamh ag réimis, ar réimis fhorlámhacha iad den chuid is mó, agus é d'aidhm acu an fhrithsceimhlitheoireacht a úsáid mar bhonn chun a gcuid spriocanna polaitiúla féin a bhaint amach, rud a ghéaraíonn ar an bpolarú sna fóraim iltaobhacha faoin gceist sin. I bhfianaise an mhéid sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá cur go láidir in aghaidh aon iarracht a dhéanfaí comhrac na sceimhlitheoireachta a pholaitiú, lena n-áirítear sna fóraim idirnáisiúnta. Féachfaidh an tAontas agus na Ballstáit le cur chuige a chaomhnú agus a chur chun cinn atá bunaithe ar fhíricí oibiachtúla agus ar fhorbairt na bagartha, agus é á chur san áireamh acu go gcaithfear samhlacha fóna, cuimsitheacha, daonlathacha rialachais a chothú, iad bunaithe ar urramú chearta an duine, chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac ar bhealach cuimsitheach.
16. Agus iomaíocht shistéamach mhéadaitheach ann ar an leibhéal domhanda, athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcreideann sí go diongbháilte gurb iad an daonlathas, an trédhearcacht, an chuntasacht, an fhreagrúlacht inscne, chomh maith le comhlíonadh an dlí idirnáisiúnta, lena n-áirítear an urraim do chearta an duine agus don smacht reachta, agus don dlí daonnúil idirnáisiúnta, an t-aon fhreagairt inbhuanaithe ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach. Tugann an Chomhairle dá haire agus is cúis mhór inné di go bhfuil deachtóireachtaí, réimis mhíleata agus fhorlámhacha i réim i roinnt mhaith de na tíortha is mó atá thíos leis an sceimhlitheoireacht agus go bhfuil sé cruthaithe gur measaíde an bhagairt na samhlacha rialachais sin. Dá bhrí sin, ba cheart don Aontas agus dá Bhallstáit a áirithiú go leanfaidh cur chun cinn agus urraim na bprionsabal bunúsach sin de bheith ina mbunchloch do rannpháirtíocht an Aontais agus na mBallstát i staideanna déthaobhacha agus iltaobhacha araon, agus an nasc á neartú idir an urraim do na luachanna agus na prionsabail sin agus an cúnamh a chuirtear ar fáil nó a bhfuiltear sásta a chur ar fáil chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac ar fud an domhain.

17. Tá sé ríthábhachtach an tsaoirse ó phionós a chomhrac do ghníomhartha na sceimhlitheoirí agus a áirithiú go n-aithneofar agus go dtabharfar cúnamh, tacaíocht agus cúiteamh leordhóthanach do na híospartaigh chun a áirithiú go bhféadfar aghaidh a thabhairt ar bhagairtí sceimhlitheoireachta ar bhealach rathúil san fhadtéarma. Dá bhrí sin, iarrann an Chomhairle go leanfadh an tAontas dá ghníomhaíochtaí fothaithe acmhainneachta chun cumas na gcomhpháirtithe a athneartú imscrúdú agus ionchúiseamh sásúil a dhéanamh ar chásanna sceimhlitheoireachta leis an urraim chuí á tabhairt do chearta an duine agus don smacht reachta. Ag aithint di an ról lárnach is féidir a bheith ag íospartaigh agus a dteaghlaigh, lena n-áirítear i gcur i gcoinne bholscaireacht na sceimhlitheoireachta, cuireann sí i dtábhacht freisin gur gá an dlúthpháirtíocht idirnáisiúnta a chur chun cinn agus a áirithiú go gcaitear le híospartaigh agus a dteaghlaigh le dínit agus le meas.
18. Athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcreideann sí go láidir nach gá gurbh ann don sceimhlitheoireacht ná don antoisceachas foréigneach. Chun an lámh in uachtar a fháil orthu, tá gá le hiarracht dhomhanda, chomhsheasmhach, chuimsitheach nach féidir a bheith ag brath ar ghníomhaíocht mhíleata amháin, ach lena gcuimseofar freisin freagairt ón tsochaí ina hiomláine faoi stiúir sibhialtach, freagairt lena ndéantar iarracht dul i ngleic le bunchúiseanna na bagartha, lena n-áirítear éagothromaíochtaí socheacnamaíocha, easpa dea-rialachais, chomh maith le tionchar na coireachta eagraithe agus an athraithe aeráide. Is féidir ról lárnach a bheith ag cosaint na hoidhreacht cultúrtha freisin maidir leis an tsíocháin, an daonlathas, an fhorbairt inbhuanaithe agus cosc na sceimhlitheoireachta a chur chun cinn trí chaoinflulaingt, idirphlé agus comhthuiscint a chothú. Aithníonn an Chomhairle gur cheart do ghné láidir den fhreagrúlacht inscne a bheith ina horlaí tríd an iarracht dhomhanda sin, d'fhonn aghaidh a thabhairt ar thionchar steiréitíopaí inscne agus foréigin inscne ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach, agus rannpháirtíocht ghníomhach fhóinteach na mban á cur chun cinn sna hiarrachtaí chun an sceimhlitheoireacht a chosc agus a chomhrac. Leis an gcur chuige cuimsitheach sin, ba cheart a áirithiú *inter alia*, cúnamh daonnúil sna socrúithe is géibheannaí, cabhair chobhsaíochta i dtíortha atá ag teacht as géarchéim, comhar um fhorbairt agus infheistíocht mhéadaithe chun an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac trí chomhpháirtíochtaí feabhsaithe le gníomhaithe áitiúla. Cé go bhfuil sí fós tiomanta é sin a dhéanamh, meabhraíonn an Chomhairle freisin a thábhachtaí atá an úinéireacht áitiúil agus gurb iad rialtais na dtíortha atá i ngleic leis na bagairtí sin ar an gcéad dul síos atá freagrach as an gcomhrac sin go príomha.

19. Aithníonn an Chomhairle an obair ríthábhachtach atá á déanamh ag gníomhaithe daonnúla neamhrialtasacha agus idirnáisiúnta chun cúnamh ríthábhachtach a chur ar fáil do phobail i ngátar atá thíos le coinbhleacht agus éagobhsaíocht, agus tugann sí dá haire go gcuidíonn an chabhair dhaonnúil sin le cosc a chur le haon athbhorradh ar an mbagairt i limistéir a saoradh ó smacht eagraíochtaí sceimhlitheoireachta. Ón taobh sin de, athdhearbhaíonn an Chomhairle go gcreideann sí go bhféadfaidh beartas frithsceimhlitheoireachta agus gníomhaíocht dhaonnúil atá bunaithe ar phrionsabail na daonnachta, na neamhchlaontachta, na neodrachta agus an neamhspleáchais a chéile a atreisiú go frithpháirteach. I gcomhréir leis na gealltanais a tugadh faoi chuimsiú an Fhórait Dhaonnúil Eorpaigh a tionóladh ón 21 go dtí an 23 Márta 2022, dearbhaíonn an Chomhairle an athuair go bhfuil sé de rún daingean aici spás daonnúil a choimirciú agus bearta nithiúla a ghlacadh a bhfuil sé d'aidhm acu cosc a chur ar aon tionchar diúltach a d'fhéadfadh a bheith ag bearta frithsceimhlitheoireachta ar ghníomhaíochtaí daonnúla prionsabálta gan an bonn a bhaint de shláine struchtúr frithsceimhlitheoireachta an Aontais Eorpaigh. Ba cheart go n-áireofaí leis na bearta sin, *inter alia*, réitigh nithiúla chun rochtain eagraíochtaí neamhbhrabúsacha ar airgeadas a éascú, ba cheart na bearta sin a bheith dírithe ar aghaidh a thabhairt ar dheacrachtaí a eascraíonn as iompar ró-chomhlíontach earnáil na baincéireachta príobháidí, agus ba cheart treoir bhreise a thabhairt d'eagraíochtaí daonnúla maidir lena gcearta agus lena bhfreagrachtaí faoi chórais smachtbhannaí frithsceimhlitheoireachta éagsúla an Aontais.
20. Á thabhairt dá haire di go bhfuil an bonn á bhaint de rannpháirtíocht idirnáisiúnta an Aontais in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh trí fheachtais ionramhála faisnéise atá ag éirí níos foghaí, lena n-áirítear bréagaisnéis, bréagnuacht agus leathadh teoiricí comhcheilge, aithníonn an Chomhairle go gcaithfear tacú le gníomhaíochtaí rathúla sa réimse sin trí chumarsáid straitéiseach, agus trí athléimneacht an chomhphobail a neartú. Dá bhrí sin, tá gá le hiarracht chomhordaithe chun príomhchuspóirí straitéiseacha an Aontais a leagan amach agus a mhíniú ar bhealach níos fearr, chun insint dhearfach a thabhairt, chun dul i gcion ar an bpobal i dtríú tíortha agus chun an bhréagaisnéis a chomhrac.

Ról an Aontais a leathnú ar ardán domhanda na frithsceimhlitheoireachta

21. Á thógáil di ar an gCompás Straitéiseach, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá don Aontas agus a Bhallstáit a rannpháirtíocht idirnáisiúnta in aghaidh na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh a threisiú, agus leas iomlán á bhaint as na hionstraimí atá ar fáil dóibh chun rannchuidiú le freagairt chomhchoiteann leordhóthanach ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antoisceachas foréigneach, agus a áirithiú go mbeidh an rannpháirtíocht sin ag teacht lena gcuid tosaíochtaí agus luachanna, bunaithe ar lánurraim do chearta an duine agus don dlí idirnáisiúnta. Cé gur gá gné dhomhanda a bheith ag gabháil leis an rannpháirtíocht sin i bhfianaise chineál na mbagairtí, ba cheart na tosaíochtaí atá á saothrú ag an Aontas agus a chuid Ballstát a bheith bunaithe go príomha ar fhirinne a nochta slándála. Dá bhrí sin, ba cheart dóibh gach dícheall a dhéanamh chun a áirithiú go dtugtar aird ar leith ar a gcomharsanacht féin, an tSaiheil, an Afraic Thuaidh, an Leiveaint agus Oirthear na Meánmhara san áireamh. Ba cheart an comhar leis na Balcáin Thiar a neartú a thuilleadh, lena n-áirítear trí chur chun feidhme leanúnach Phlean Gníomhaíochta Comhpháirteach an Aontais Eorpaigh agus na mBalcán Thiar maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht. Ba cheart don Aontas leanúint dá aird a dhíriú ar láithreacha ar leith ina bhféadfadh eagraíochtaí idirnáisiúnta sceimhlitheoireachta agus antoisceacha foréigneacha a bheith ina mbagairt dhíreach ar shlándáil na hEorpa, lena n-áirítear an Áise Láir agus réigiún an Aigéin Chiúin.
22. Is gné lárnach de bheartas domhanda frithsceimhlitheoireachta an Aontais í rannpháirt láidir, prionsabálta, déthaobhach agus iltaobhach a ghlacadh. Faoina chuimsiú sin, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir a riachtanaí atá sé go lorgaítear dianchomhar le comhpháirtithe déthaobhacha straitéiseacha, agus go gcoimeádtar an dianchomhar sin ar bun, á aithint di a rithábhachtaí atá idirphlé polaitiúil an Aontais maidir leis an bhfrithsceimhlitheoireacht agus leis an tslándáil. Aithníonn sí an ról tábhachtach atá ag na Náisiúin Aontaithe sa réimse sin agus is díol sásaimh di na hiarrachtaí atá déanta ag an Aontas a chomhpháirtíocht straitéiseach le comhlachtaí ábhartha na Náisiún Aontaithe a neartú. I gcomhréir leis na treoírphrionsabail a comhaontaíodh, agus a athdhearbhaíodh freisin sa Chompás Straitéiseach, cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir gur gá an chomhpháirtíocht chomhthreisitheach chomhthairbheach le ECAT a dhoimhniú, i gcomhthéacs chur chun feidhme dhearbhuíthe comhpháirteacha Vársá (2016) agus na Buiséile (2018), i réimsí, *inter alia*, na hathléimneachta i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, agus i réimse fhothú acmhainneachta na dtíortha comhpháirtíochta. Thairis sin, tacaíonn sí le rannpháirtíocht níos inbhuanaithe ón Aontas le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá páirteach i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh, lena n-áirítear ESCE, Comhairle na hEorpa, Interpol, agus fóraim il-gheallsealbhóirí amhail Fóram Idirlín an Aontais agus Christchurch Call.

23. Aithníonn an Chomhairle gur gá don Aontas agus a Bhallstáit an comhordú eatarthu a threisiú agus cur chuige straitéiseach a fhorbairt dírithe ar neartú a gcumais comhchoiteann tionchar a imirt ar threoshuíomhanna straitéiseacha na n-eagraíochtaí sin. Is díol sásaimh di gur éirigh leis an Aontas a bheith ina chomhchathaoirleach ar an bhFóram Frithsceimhlitheoireachta Domhanda (GCTF) mar ar féidir leis an Aontas cabhrú le clár oibre an bheartais agus an chleachtais frithsceimhlitheoireachta idirnáisiúnta a mhúnlú agus luachanna an Aontais a chur chun cinn i réimse na frithsceimhlitheoireachta. Tugann an Chomhairle dá haire gur cheart, dá thoradh sin, go mbeadh tacaíocht agus rannpháirtíocht straitéiseach níos mó ann don eagraíocht sin, chomh maith leis na hinstitiúidí dár thug sí inspioráid (an Ciste Domhanda do Rannpháirtiú agus d'Athléimneacht an Phobail, Ionad Hedayah agus an Institiúid Idirnáisiúnta don Cheartas agus don Smacht Reachta). Ba cheart don Aontas leanúint dá dhlúth-rannpháirtíocht sa Chomhghuaillíocht Dhomhanda chun Da'esh a Chomhrac, ina meithleacha agus san Fhócasghrúpa nuabhunaithe ar an Afraic, agus sa Chomhghuaillíocht don tSaiheil, d'fhonn cur chuige comhordaithe, cuimsitheach a chur chun feidhme chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antaisceachas foréigneach a chomhrac. Ba cheart an rannpháirtíocht idirnáisiúnta sin a dhéanamh agus aird á tabhairt ag an ngá le sineirgí a chothú i measc tionscnaimh éagsúla idirnáisiúnta, réigiúnacha agus náisiúnta dírithe ar an sceimhlitheoireacht agus ar an antaisceachas foréigneach a chomhrac, agus dúbláil iarrachtaí a sheachaint.
24. Is díol sásaimh don Chomhairle an t-ionchur luachmhar ón líonra saineolaithe frithsceimhlitheoireachta agus slándála atá imscartha i dtoscaireachtaí roghnaithe de chuid an Aontais, á thabhairt dá haire di go raibh an tAontas, a bhuí leis an líonra sin, in ann a raon domhanda a leathnú agus cur lena chumas measúnuithe níos beaichte a fhorbairt ar staidéanna áitiúla agus rannpháirtíocht dhéthaobhach agus iltaobhach a chothú. Cé go raibh an líonra sin fós á leathnú le deireanas, cuireann an Chomhairle i dtreis a thábhachtaí atá sé a áirithiú go leanfar dá acmhainneacht a neartú agus é a mhéadú a thuilleadh chun freagairt ar fhorbairtí geopholaitiúla agus riachtanais straitéiseacha. Is díol sásaimh don Chomhairle an obair agus an machnamh a rinne SEGS ina leith sin le déanaí, lena n-áirítear a mhéid a bhaineann le raon feidhme geografach agus sainordú an líonra, agus leis an gcomhordú idir é agus gníomhaíochtaí na mBallstát.

25. Meabhraítear don Chomhairle freisin an t-ionchur luachmhar a thugann misin sibhialtacha CBSC, faoi chuimsiú chur chuige comhtháite an Aontais agus, mar a cuireadh i bhfios go láidir leis an gcomhshocrú sibhialtach CBSC, laistigh dá sainorduithe faoi seach, chun earnáil na slándála agus an cheartais a neartú sna tíortha óstacha agus chun a n-acmhainneachtaí a fhorbairt chun an sceimhlitheoireacht agus an t-antoisceachas foréigneach a chosc agus a chomhrac go héifeachtach agus i gcomhréir leis an smacht reachta.

Úsáid níos straitéisí a bhaint as córais smachtbhannaí frithsceimhlitheoireachta an Aontais

26. Meabhraítear don Chomhairle gur uirlis chumhachtach iad smachtbhannaí frithsceimhlitheoireachta chun tacú le beartas seachtrach an Aontais maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac. Dá bhrí sin, is díol sásaimh di an úsáid níos mó atá á baint as na hionstraimí sin chun tacú go comhpháirteach le gníomhaíocht dhiongbháilte uaillmhianach ón Aontas, trí ainmniúcháin nua a dhéanamh, nuair is ábhartha agus nuair is féidir sin, i gcomhréir leis an éabhlóid atá tagtha ar an mbagairt agus mar fhreagairt ar aon ghníomhaithe nua sceimhlitheoireachta atá ag teacht chun cinn.

Is é bunchloch inchreidteacht agus éifeachtacht bheartas smachtbhannaí an Aontais go ndéantar an dlí idirnáisiúnta a chomhlíonadh, go háirithe an dlí daonnúil idirnáisiúnta, cearta an duine agus saoirsí bunúsacha, an phróis chuí agus an smacht reachta. Sa chomhthéacs sin, meabhraíonn an Chomhairle go mbíonn na bearta sriantacha spriocdhírithe, calabraithe go cúramach agus i gcomhréir leis na cuspóirí a mbítear ag iarraidh a bhaint amach leo.

Aithníonn sí nach mór gur ról coisctheach a bheadh ag na smachtbhannaí, agus geallann sí go gcuirfear san áireamh go hiomlán na himthosca athraitheacha, agus fírinne na bagartha ó na heintitis agus na daoine aonair atá liostaithe mar chuid d'athbhreithnithe tráthrialta agus go ndéanfar na liostaí a thabhairt cothrom le dáta dá réir. Is díol sásaimh don Chomhairle na bearta uile atá déanta ag Oifig Ombudsman na Náisiún Aontaithe chuige sin, oifig a thug, ó bunaíodh í, níos mó cothroime agus trédhearcachta isteach sa chóras smachtbhannaí in aghaidh Da'esh agus al-Qaeda.

Cuireann an Chomhairle i bhfios go láidir go mbíonn tairbhí ann go gach páirtí nuair a dhéantar comhordú le gníomhaithe idirnáisiúnta eile i réimse na n-ainmniúchán do smachtbhannaí, lena n-áirítear le Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le tríú tíortha. Thairis sin, molann sí go ndéanfaí tuilleadh idirphlé agus iarrachtaí níos fearr chun tuiscint mhaith ar cheanglais shonracha dhlí agus nós imeachta an Aontais a áirithiú, agus chun ionstraimiú polaitiúil na smachtbhannaí frithsceimhlitheoireachta a chosc.

Cur chun feidhme na gConclúidí agus obair leantach ina leith

27. Cuireann an Chomhairle i bhfios go dtacaíonn sí go láidir le sineirgí a mhéadú idir gnéithe inmheánacha agus seachtracha ghníomhaíochtaí an Aontais i gcomhrac na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh. Iarrann sí freisin ar institiúidí uile an Aontais agus ar na Ballstáit uile go ndéanfaí iarracht chomhpháirteach chun rannchuidiú leis na tosaíochtaí a chur chun feidhme agus na cuspóirí a leagtar amach thuas a bhaint amach. Ba cheart na treoirlínte beartais sin a chur san áireamh go háirithe agus rannpháirtíocht airgeadais le tíortha comhpháirtíochta agus le heagraíochtaí idirnáisiúnta amach anseo á sainiú. Chun na críche sin, agus i gcomhréir leis an gcuspóir a leagtar amach sa Chompás Straitéiseach, is díol sásaimh don Chomhairle gur seoladh athbhreithniú, a thabharfar chun críche go luath in 2023, maidir le huirlisí agus cláir an Aontais lena rannchuidítear le hacmhainneachtaí na gcomhpháirtithe i gcoinne na sceimhlitheoireachta a fhorbairt, chun a n-éifeachtacht a mhéadú.
28. Measann an Chomhairle gur gá athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar na conclúidí seo chun a áirithiú go ndéanfar na gnéithe polaitiúla agus straitéiseacha a threoraíonn gníomhaíocht sheachtrach an Aontais i gcoinne na sceimhlitheoireachta agus an antoisceachais fhoréignigh a chur in oiriúint i gcónaí d'fhírinne na bagartha atá ann.